**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0295/2023**

16.10.2023

*****

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2023)0331 – C9-0211/2023 – 2021/0430(CNS))

an Coiste um Buiséid

Comhrapóirtéirí: José Manuel Fernandes and Valérie Hayer

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................10

LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA .................................................13

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ........................................................................15

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........16

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2023)0331 – C9-0211/2023 – 2021/0430(CNS))**

**(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0570) agus an togra leasaithe (COM(2020)0331),

– ag féachaint d'Airteagal 311, an tríú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an bParlaimint (C9-0211/2023),

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an 16 Nollaig 2020 maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ("Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020")[1],

– ag féachaint do rún reachtach uaithi an 16 Meán Fómhair 2020 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle i ndáil le córas Acmhainní Dílse an Aontais Eorpaigh[2],

– ag féachaint do rún reachtach uaithi an 23 Samhain 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2021)0570 – C9-0034/2022 – 2021/0430(CNS))[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 maidir le hacmhainní dílse, tús nua d'airgeadas an Aontais, tús nua don Eoraip[4],

– ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0295/2023),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2)

[1] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.
[2] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0220.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0404
[4] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0195

den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 106a den Chonradh Euratom;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh cinneadh leasaitheach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) I gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020, is céim thábhachtach eile é an cinneadh leasaithe sin chun treochlár a chur chun feidhme chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Áiritheofar leis go mbeidh ioncam ó bhascaed na bhfoinsí nua ioncaim ar fáil agus go mbeidh sé leordhóthanach chun an t-ús a íoc agus i gcomhair phríomhshuim fhiacha NGEU agus go mbeidh impleachtaí dáileacháin airgeadais an bhascaeid inghlactha ag na Ballstáit uile.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinneadh leasaitheach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Leis na fáltais ó na hacmhainní dílse nua a tugadh isteach leis an gcinneadh leasaithe seo, is féidir buiséad an Aontais a mhaoiniú go hiontaofa ar bhonn fadtéarmach, agus na costais a bhaineann le haisíocaíocht Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus tosaíochtaí nua an Aontais a chur san áireamh agus laghduithe ar chláir agus ar bheartais an Aontais atá ann cheana á seachaint ag an am céanna.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinneadh leasaitheach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Ba cheart cur chun feidhme an Treochláir sa Chomhaontú Idirinstitiúideach a thabhairt chun críche le hathchóirithe amach anseo lena ndéanfaí acmhainn dhílis atá níos dáiríre agus bunaithe ar cháin a chur in ionad réiteach idirthréimhseach na ranníocaíochta náisiúnta staidreamhbhunaithe ar bhrabúis chorparáideacha a luaithe a chuirfear na treoracha riachtanacha nó na creataí comhchuibhithe uile-Aontais maidir le cánachas corparáideach i bhfeidhm.*** |

*Réasúnú*

*Meabhraítear leis na haithrisí breise sin cuspóir agus meon an Treochláir sa Chomhaontú Idirinstitiúideach agus deimhnítear leo gurb ionann an bascaed a cuireadh i láthair agus dul chun cinn suntasach i dtreo chuspóirí an treochláir. Ní mór aird a thabhairt ar na céimeanna atá fágtha.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinneadh leasaitheach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) I bhfianaise an bhoilscithe aird, tá méadú gan choinne agus díréireach tagtha ar na laghduithe sealadacha ar an gcnapshuim don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn, a théann chun táirbhe dóibh don tréimhse 2020-2027. Chun saobhadh dáileacháin breise a sheachaint, ba cheart na cnapshuimeanna sin a choigeartú go bliantúil de réir na réasúnaíochta agus na rialach céanna le huasteorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, i.e. ar bhonn díbhoilsceoir seasta 2% in aghaidh*** |

***na bliana.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinneadh leasaitheach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe e a (nua)**
Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053
Airteagal 2 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. Don tréimhse 2021 - 2027, bainfidh na Ballstáit seo a leanas leas as oll-laghdú ar a ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar OIN faoi phointe (d) de mhír 1 arb ionann é agus EUR 565 mhilliún don Ostair, EUR 377 milliún don Danmhairg, EUR 3 671 mhilliún don Ghearmáin, EUR 1 921 mhilliún don Ísiltír agus EUR 1 069 milliún don tSualainn, faoi seach. Déanfar na ***suimeanna*** sin a thomhas ***de réir phraghsanna 2020*** agus déanfar iad a choigeartú do phraghsanna reatha ***trí chur i bhfeidhm*** díbhoilsceoir ***reatha OTI don Aontas a shloinntear in euro, mar a fhorálann an Coimisiún, agus a chuirtear ar fáil nuair a dhréachtaítear an dréachtbhuiséad***. Maoineoidh gach Ballstát na holl-laghduithe sin. | ***"***4. Don tréimhse 2021 - 2027, bainfidh na Ballstáit seo a leanas leas as oll-laghdú ar a ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar OIN faoi phointe (d) de mhír 1 arb ionann é agus EUR 565 mhilliún don Ostair, EUR 377 milliún don Danmhairg, EUR 3 671 mhilliún don Ghearmáin, EUR 1 921 mhilliún don Ísiltír agus EUR 1 069 milliún don tSualainn, faoi seach. Déanfar na ***méideanna*** sin a thomhas ***i bpraghsanna 2020*** agus déanfar iad a choigeartú do phraghsanna reatha ***ar bhonn*** díbhoilsceoir ***sheasta 2% in aghaidh na bliana***. Maoineoidh gach Ballstát na holl-laghduithe sin.***"*** |

*Réasúnú*

*Go traidisiúnta, sheas Parlaimint na hEorpa i gcoinne na gceartúchán cnapshuime i ranníocaíochtaí atá bunaithe ar Ollioncam náisiúnta. Cé nár athraigh an seasamh sin, is é an toradh a bhí ar choigeartú bliantúil na laghduithe ar chnapshuim trí dhíbhoilsceoir OTI a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs boilsciú atá fíorard agus nach raibh coinne leis, ná lacáistí arda gan údar do na Ballstáit lena mbaineann. Is féidir na lascainí 'amhantair' sin agus an saobhadh dáileacháin atá i gceist leo a sheachaint tríd an gcoigeartú bliantúil ar na méideanna a ailíniú leis an díbhoilsceoir uathoibríoch 2% a úsáidtear freisin d'uasteorainneacha CAI i gcomhréir le hAirteagal 4(b) de CAI.*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

***Seasamh Pharlaimint na hEorpa agus cuspóir an athchóirithe ar acmhainní dílse***

Léiríodh seasamh seanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa chun tacú le bascaed d'acmhainní dílse éagsúla agus athléimneacha ina tuairimí comhairleacha maidir leis na tograí ón gCoimisiún le haghaidh an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse 2020 agus 2021 agus rinneadh an méid is déanaí a athdhearbhú ina Tuarascáil Tionscnaimh Féin maidir le hacmhainní dílse: tús nua d'airgeadas an Aontais, tús nua don Eoraip.

Sainaithnítear sa tuarascáil féintionscnaimh raon foinsí nua ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá nasctha le tosaíochtaí beartais an Aontais - lena gcuimsítear freisin na tosaíochtaí a áirítear anois sa togra ón gCoimisiún - agus athdhearbhaítear inti go bhfuil géarghá le hioncam úr a shlógadh chun na fiacha arna dtabhú faoi NGEU a aisíoc. Rinne an tuarascáil ceannródaíocht freisin ar smaointe sonracha le haghaidh rannchuidithe bunaithe ar staidreamh a d'fhéadfadh a bheith ina n-ionadaithe agus ina réiteach idirthréimhseach chun dlús a chur le nósanna imeachta cinnteoireachta fadtréimhseacha le haghaidh na bunreachtaíochta earnála.

***An bascaed nuashonraithe: CTA, An Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha agus ranníocaíocht atá bunaithe ar bhrabúis na cuideachta***

An 20 Meitheamh 2023, thíolaic an Coimisiún togra chun tionscnamh mhí na Nollag 2021 a leasú agus a nuashonrú. Déanann sé na hacmhainní dílse atá bunaithe ar CTA agus an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha a ailíniú le toradh na caibidlíochta reachtaí maidir le Oiriúnach do 55 agus déanann sé athrú ar an nglaoráta ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CTA ó 25 % go 30 %.

I gcomhthéacs na caibidlíochta maidir le Oiriúnach do 55, chuidigh rapóirtéirí BUDG seasamh comhsheasmhach a choinneáil ionas go mbeadh an tionscnamh Acmhainní Dílse agus an reachtaíocht aeráide go hiomlán comhoiriúnach agus comhleanúnach. Ní fhacthas riamh Treoir maidir le CTA, a bhfuil raon feidhme níos leithne aici agus an Rialachán maidir leis an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha lena réiteofar 'an aincheist maidir le sceitheadh carbóin' (i gcomhar leis an gCiste Aeráide Sóisialta) agus is tagarmharc idirnáisiúnta iad i bhfianaise an bheartais nua-aimseartha chothrom maidir le praghsáil carbóin.

Thairis sin, molann an Coimisiún acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar bhrabúis chorparáideacha (CPOR). Déantar an ranníocaíocht náisiúnta sin a ríomh ar bhonn na sonraí staidrimh maidir le hollbharrachas oibriúcháin sna hearnálacha airgeadais agus neamhairgeadais atá ar fáil i gcomhthéacs Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta (CECES). Tá na sonraí sin (cé nach bhfuil siad foirfe cosúil le gach comhiomlán staidrimh eile, lena n-áirítear OIN) láidir agus comhchuibhithe go leor chun feidhmiú mar sheachtháscaire le haghaidh brabúis chorparáideacha agus mar bhonn inmharthana chun ranníocaíocht náisiúnta a chinneadh. Cuirfear glaoráta 0.5 % i bhfeidhm. De réir an Choimisiúin, d'fhéadfaí acmhainní dílse atá bunaithe níos mó ar cháin a chur in ionad na ranníocaíochta sin ar deireadh a luaithe agus a bheidh creat iomchuí maidir le cánachas gnó i bhfeidhm (BEFIT).

Meastar gurb é an toradh a bheidh ar mheastacháin fhoriomlána ioncaim an bhascaeid nuashonraithe seo, a luaithe a bheidh sé ar luas cúrsála, ná EUR 36 billiún (praghsanna 2018) nó thart ar 45 bhilliún i bpraghsanna reatha in aghaidh na bliana. Bheadh sé sin leordhóthanach

den chuid is mó chun costais NGEU a athmhaoiniú, cé go mbeadh cuid shuntasach de dírithe ar an gCiste Aeráide Sóisialta. Mar sin féin, níor cheart an pacáiste sin a cheapadh mar dheireadh an athchóirithe fhadtéarmaigh dhomhanda ar an gcóras acmhainní dílse lenar cheart tuilleadh acmhainní a chur ar fáil don Aontas chun a bheartais uaillmhianacha agus níos mó neamhspleáchais airgeadais a bhaint amach.

***Cur chuige na rapóirtéirí i gcomhréir le meon agus foclaíocht an Treochláir***

Is díol sásaimh do na comhrapóirtéirí go bhfuil roinnt tosaíochtaí agus éilimh ó Pharlaimint na hEorpa sa togra ón gCoimisiún agus measann siad go bhfuil an téacs reachtach i gcomhréir le cuspóirí agus réasúnaíocht threochlár an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh. Dá bhrí sin, is mian linn cur chuige simplí comhthoiliúil a shaothrú maidir le tuairim chomhairleach Pharlaimint na hEorpa trí:

- togra ón gCoimisiún a fhormhuiniú agus a fhormheas,
- gan ach cúpla leasú an-spriocdhírithe a chur síos agus
- éileamh ar an gComhairle dul chun cinn tapa a dhéanamh i dtreo cinneadh leasaithe a ghlacadh.

Is deacair é an comhthéacs polaitiúil, mar is gnách, ach tá gach gné reachtach agus gach figiúr buiséadach ar fáil anois chun dul chun cinn tapa a dhéanamh sa Chomhairle. Ina theannta sin, measann go leor gníomhaithe gur deiseanna iad uachtaránachtaí na Spáinne agus na Beilge. Tógfaidh an nós imeachta daingniúcháin roinnt ama freisin sula dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí tuarascáil BUDG a phróiseáil gan mhoill agus vótáil uirthi sa suí iomlánach i mí na Samhna. Tugann na rapóirtéirí aird chuí ar na tuairimí agus ar na tuairimí i bhfoirm litreacha ó AFCO, ECON/FISC agus ENVI do na tuarascálacha reatha maidir le hacmhainní dílse agus do na tuarascálacha roimhe seo maidir le hacmhainní dílse.

Meabhraíonn do chomhrapóirtéirí go bhfuil rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2022 fós ábhartha agus bailí, lena n-áirítear, go háirithe, an leasú lena modhnaítear an glaoráta don acmhainn dhílis atá bunaithe ar an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha.

***Is fíorbheag leasú atá ann: Déanfar réasúnú ar cheartúchán cnapshuime***

I lár tréimhse airgeadais, ní chaitheann na comhrapóirtéirí amhras ar chothromaíocht fhoriomlán Phacáiste CAI maidir le hAcmhainní Dílse, cé go meabhraíonn siad go bhfuil siad i gcoinne laghduithe ar ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN. Sainaithníodh saincheist amháin, áfach, ar chóir í a cheartú tríd an nós imeachta reatha: na rialacha maidir le ceartúcháin cnapshuime a choigeartú le haghaidh cúig cinn de na Ballstáit 'is glan-rannchuiditheacha'. Nota Bene, níor tugadh isteach na cnapshuimeanna sin chun neamhionannais ar thaobh an ioncaim a mhaolú. Os a choinne sin, tá sé beartaithe iad a mhaolú i nglanchomhardú foriomlán na n-íocaíochtaí ioncaim agus na n-athshreabha caiteachais mar a mheastar ó thaobh Ballstáit de.

Is é an toradh a bhí ar choigeartú bliantúil na laghduithe ar chnapshuim tríd an díbhoilsceoir OTI a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs boilsciú atá fíor-ard agus nach raibh coinne leis, ná lacáistí arda gan údar do na Ballstáit lena mbaineann. Is féidir na lascainí 'amhantair' sin agus an saobhadh dáileacháin atá i gceist leo a sheachaint tríd an gcoigeartú bliantúil ar na méideanna a ailíniú leis an díbhoilsceoir uathoibríoch 2 % a úsáidtear freisin d'uasteorainneacha CAI i gcomhréir le hAirteagal 4, mír b de rialachán CAI.

Chuir na rapóirtéirí in iúl gur saoth leo cleachtas athfhillteach na Comhairle maidir le ‘lacáistí’ a thabhairt isteach chun formheas d’aon toil a fháil. Leis na híocaíochtaí cnapshuime chun glan-iarmhéideanna foriomlána na mBallstát áirithe a cheartú, chomh maith leis na sásraí sonracha ceartúcháin agus uasteorannaithe laistigh den chuid is mó d’acmhainní dílse aonair chun go ndéantar réasúnaíocht eacnamaíoch na n-acmhainní dílse a mhaolú, baineann siad an bonn de mheon na dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus treisíonn siad an dearcadh gur obair in aisce í idirbhearta airgeadais de chuid bhuiséad an Aontais araon. Táimid cinnte deimhin dearfa de nár cheart aon lacáistí ná lascainí a áireamh ar thaobh an ioncaim atá bunaithe ar bhascaed éagsúil, dinimiciúil agus láidir d’fhoinsí éagsúla.

20.9.2023

# LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA

An tUasal Johan Van Overtveldt
Uachtarán
an Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (2021/0430(CNS))

A Uasail Van Overtveldt, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Iúil 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú an 20 Meán Fómhair 2023 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin[1].

Is mise le meas,

Salvatore De Meo

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Vladimír Bilčík, Ana Collado Jiménez, Salvatore De Mao, Paulo Rangel, Sara Skyttedal, Lóránt Vincze, Rainer Wieland, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Pascal Durand, Victor Negrescu, Domènec Ruiz Devesa, Pedro Silva Pereira, Charles Goerens, Sandro Gozi, Alin Mituța, Max Orville, François Alfonsi, Gwendoline Delbos-Corfield, Daniel Freund, Zdzisław Krasnodębski, Jacek Saryusz-Wolski, Jaak Madison, Helmut Scholz

## MOLTAÍ

Tá an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla:

1. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún ina leasaítear a thogra ó mhí na Nollag 2021, lenar tugadh isteach trí chatagóir nua acmhainní dílse, bunaithe ar an gcóras trádála astaíochtaí (CTA), an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) agus ar Cholún a hAon de choinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le cánachas corparáideach idirnáisiúnta faoi seach;

2. á chur in iúl gur geal léi na coigeartuithe a rinneadh ar na hacmhainní dílse atá beartaithe bunaithe ar CTA agus ar SCCT mar thoradh ar an reachtaíocht a glacadh sna réimsí sin agus á chur in iúl gur geal léi an togra le haghaidh acmhainn dhílis staidrimh bunaithe ar bhrabúis chuideachta, bunaithe ar staidreamh cuntas náisiúnta arna ullmhú faoi Chóras Cuntas Eorpach (CEC).

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil tabhairt isteach fíoracmhainní dílse nua ag titim chun deiridh ar an sceideal a leagadh amach sa treochlár d'Iarscríbhinn II atá ceangailteach ó thaobh dlí de, a ghabhann le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[2]; á athdhearbhú gur gá gníomhaíocht a dhéanamh go pras; ag tathant ar an gComhairle, dá bhrí sin, na fíoracmhainní dílse nua a fhormheas gan a thuilleadh moille; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfeadh na hacmhainní nua sin ar chumas an Aontais an fiachas agus an t-ús coiteann a aisíoc faoi Next Generation EU agus maoiniú inbhuanaithe bhuiséad an Aontais a ráthú san fhadthéarma, chun príomhbheartais agus príomhchláir an Aontais a bhaint amach chomh maith le freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn;

4. á athdhearbhú go bhfuil athchóiriú níos cuimsithí ar chóras na n-acmhainní dílse fíor-riachtanach, mar a leagtar amach, inter alia, i rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 maidir le hacmhainní dílse: tús nua d'airgeadas an Aontais, tús nua don Eoraip[3];

5. á mheabhrú gur athluaigh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iarraidh na Parlaiminte go neartófaí buiséad an Aontais trí acmhainní dílse nua agus gur moladh deireadh a chur le prionsabal na haontoilíochta i gcás ábhar fioscach[4] agus gur cheart do Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh maidir le buiséad an Aontais, de bharr gurb é ceart na bparlaimintí é ar an leibhéal náisiúnta[5];

6. á chur i bhfáth gur cheart go bhfiosrófaí na tograí sin trí Choinbhinsiún maidir le hathbhreithniú ar na conarthaí, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa i rún uaithi an 9 Meitheamh 2022, lena n-áirítear an fhéidearthacht an gnáthnós imeachta reachtach a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainní dílse nua a ghlacadh agus é mar aidhm leis cur le cumas an Aontais gníomhaíocht a dhéanamh agus grinnscrúdú daonlathach Pharlaimint na hEorpa a neartú; á iarraidh, dá bhrí sin, go leasófaí an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

---

[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0195
[4] An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, togra 16.
[5] An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, togra 38.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal** | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh | | |
| **Tagairtí** | COM(2023)0331 – C9-0211/2023 – COM(2021)0570 – C9-0034/2022 – 2021/0430(CNS) | | |
| **An dáta a ndearnadh comhairliúchán leis an bParlaimint** | 3.2.2022 | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>11.9.2023 | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>11.9.2023 | ENVI<br>11.9.2023 | AFCO<br>11.9.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ECON<br>19.7.2023 | ENVI<br>17.7.2023 | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | José Manuel Fernandes<br>28.6.2023 | Valérie Hayer<br>28.6.2023 | |
| **Pléite sa choiste** | 20.9.2023 | | |
| **Dáta an ghlactha** | 9.10.2023 | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 15<br>5<br>0 | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, David Cormand, Andor Deli, Pascal Durand, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Hervé Juvin, Joachim Kuhs, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Bogdan Rzońca, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Angelika Winzig | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Sunčana Glavak, Hannes Heide, Jarosław Kalinowski, Sabine Verheyen | | |
| **Dáta don chur síos** | 16.10.2023 | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| PPE | Sunčana Glavak, Jarosław Kalinowski, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Sabine Verheyen, Angelika Winzig |
| Renew | Vlad Gheorghe, Nils Torvalds |
| S&D | Attila Ara-Kovács, Pascal Durand, Hannes Heide, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Alexandra Geese |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin, Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh